# Critéir Incháilitheachta:

De réir chritéir ealaíontóirí gairmiúla Visual Artists Ireland, mar atá faofa ag an Chomhairle Ealaíon, caithfidh ealaíontóirí gairmiúla seanbhunaithe a chuireann iarratas isteach ar thaispeántas a bheith acu i nDánlann Dillon ar a laghad 3 cinn de na critéir thíos a chomhlíonadh. Tabhair breac-chuntas ar d'incháilitheacht i do litir chlúdaigh iarratais.

# *Eligibility Criteria:*

*In accordance with Visual Artists Ireland professional artists criteria, as approved by the Arts Council, established professional artists applying for the* **Dillon Gallery** *must meet at least 3 of the criteria below. Please outline your eligibility in your application cover letter.*

1. Céim nó Dioplóma ó choláiste tríú leibhéal aitheanta sa Mhínealaín nó i nDisciplín Gaolmhar sna hAmharc-ealaíona.
   *Degree or Diploma from a recognised third level college in Fine Art or an Associated Visual Arts Discipline.*
2. Seó (seónna) amharc-ealaíona aonair (lena n-áirítear imeachtaí ambhunaithe i spás amharcealaíon atá maoinithe go poiblí (An Chomhairle Ealaíon, Údarás Áitiúil, nó maoinithe ag an Rialtas). Ní bhaineann spásanna nach spásanna amharc-ealaíon iad le hábhar ach amháin más taispeántas mar chuid de chlár aitheanta sna hamharc-ealaíona atá i gceist.
   *One-person visual arts show(s) (including time based events) in a publicly funded (Arts Council, Local Authority, Government funded) visual arts space. Non-visual arts spaces do not qualify unless the exhibition is part of an acknowledged visual arts programme.*
3. Ba é do chleachtas amharc-ealaíon a ba chúis le do rannpháirtíocht i dtaispeántas/in imeacht amharcealaíon a roghnaigh giúiré ina raibh ealaíontóirí gairmiúla nó coimeádaithe aitheanta páirteach ann.
   *Your visual arts practice had caused your participation in a visual art's exhibition/event which was selected by a jury in which professional artists or recognised curators participated.*
4. Cheannaigh an Rialtas, údarás áitiúil, músaem nó cliant corparáideach do shaothar amharc-ealaíon lena chur i mbailiúchán aitheanta.
   *Your visual art work has been purchased by Government, local authority, museum or corporate client for inclusion in a recognised collection.*
5. Rinne an Rialtas, údarás áitiúil, músaem nó cliant corparáideach do shaothar amharc-ealaíon a choimisiúnú lena chur i mbailiúchán aitheanta.
   *Your visual art work has been commissioned by Government, local authority, museum or corporate client for inclusion in a recognised collection.*
6. Bhronn an Chomhairle Ealaíon/Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann nó comhlacht maoinithe eile sparánacht, cónaitheacht, deontas i gcomhair ábhar nó deontas eile ort bunaithe ar do chleachtas amharc-ealaíon.

    *You have been awarded a bursary, residency, materials grant or otherwise grant aided by the Arts Council/Arts Council of Northern Ireland or other funding body based on your visual arts practice.*

7. Bhronn na Coimisinéirí Ioncaim stádas díolmhaithe ó chain ort bunaithe ar do chleachtas amharc-ealaíon, nó tá tú ar sceideal D mar ealaíontóir féinfhostaithe i dTuaisceart Éireann.
   *Have been awarded tax-exempt status based on your visual arts practice by the Revenue Commissioners, or are on schedule D as a self-employed artist in Northern Ireland.*

** Ar a bharr sin, níor chóir go mbeadh taispeántas ag ealaíontóirí a chuireann iarratas isteach le 18 mí roimhe seo i gceachtar dár ndánlanna i seó aonair, seó beirte ná seó triúir.

***Furthermore artists applying must not have exhibited in either of our galleries in the previous 18 months in a solo, 2 or 3 person group show.*

## An Nós Imeachta Measúnaithe / *Assessment procedure*:

Déanfaidh ár bpainéal Amharc-ealaíon - an Dr. Aisling O'Beirn, Andrew Whitson, Seán Mackel agus Emma Berkery.- measúnú ar gach iarratas

*All applications are assessed by our 4 person Visual Arts panel consisting of Dr. Aisling O'Beirn, Andrew Whitson, Seán Mackel and Emma Berkery.*

Céim 1 : Déantar gach iarratas a sheiceáil maidir le hincháilitheacht.

Step 1 : *All submissions are checked for eligibility.*

Céim 2 : Déantar iarratais incháilithe a mheas gan ainm ó thaobh an tsaothair ealaíne amháin. Ardaítear aon choimhlint leasa maidir le ball den phainéal a aithníonn saothar ealaíontóra agus forghéilleann an ball painéil atá i gceist a vóta ar an saothar ealaíne sin.

*Step 2 : Eligible submissions are assessed anonymously on the artwork only. Any conflict of interest regarding a panel member recognising an artists work are raised and the panel member in question forfeits their vote on said artwork.*

Déanfar na critéir seo a leanas a mheas ag céim 2 / *Criteria considered at stage 2* :

- Ardcháilíocht / *High quality*

Céim 3 : Déanfar iarratais a n-éiríonn leo ag Céim 2 a mheas níos mionsonraithe, cuirfear tograí iomlána san áireamh agus déanfar iad a mheas de réir na gcritéar seo thíos:

*Step 3 : Submissions successful at Stage 2 are assessed in more detail with full proposals taken into account and judged in relation to the criteria of:*

- Spreagthacht / *Stimulating*
- Dúshlán / *Challenging*
- Tarraingteacht / *Engaging*

Céim 4 : Tograí a n-éiríonn leo céim 4 a bhaint amach, déanfar iad a mheas de réir ábharthacht an téama agus tabharfar tús áite do mholtaí a thugann aghaidh ar théamaí teanga, cearta teanga, cumarsáid, comhionannas agus cearta cultúrtha.

*Step 4: Proposals successful through to stage 4 are then judged on relevance to theme with proposals addressing themes of language, language rights, communication, equality and cultural rights given preference.*